2026/1764

22.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1764 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 a mhéid a bhaineann le modhanna, ceanglais agus tástálacha sonracha chomh maith le ceanglais riaracháin maidir le marthanacht ceallraí infheithicle, raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal agus cumhacht córais feithiclí leictrithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(3), pointe (a), agus Airteagal 14(4), pointí (a), (i), (j), (q), (s), (u) agus (v), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas le caighdeáin idirnáisiúnta a áirithiú, is iomchuí tagairt a dhéanamh do Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe ([2]) (sraith leasuithe 04) agus Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe ([3]) (sraith leasuithe 09), lena dtugtar isteach marthanacht ceallraí infheithicle agus ceanglais eile atá dírithe ar leictriú ina bhfuil an príomhdhul chun cinn teicniúil, lena dtacaítear leis an inbhuanaitheacht agus an nuálaíocht san earnáil mótarfheithiclí.

(2) Chun a áirithiú go léireofar go hiomlán leis na ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú astaíochtaí Euro 7 an dul chun cinn is déanaí i dteicneolaíocht feithiclí leictrithe, is gá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún a leasú ([4]). Chun measúnuithe cruinne ar astaíochtaí agus ídiú fuinnimh a áirithiú, conairí comhlíontachta níos soiléire a sholáthar do mhonaróirí, agus sláine chomhshaoil chreat cineálcheadaithe astaíochtaí Euro 7 a neartú, is gá na méadrachtaí fíorfheidhmíochta le haghaidh marthanacht ceallraí infheithicle, raon leictreach ag teocht íseal le haghaidh feithiclí lánleictreacha (PEVanna), agus ceanglais nuashonraithe maidir le faireachán ar ídiú breosla ar bord (OBFCM) a tugadh isteach le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe (sraith 04) a chuimsiú sa Rialachán sin.

(3) Ar an gcaoi chéanna, soláthraítear le Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe (sraith leasuithe 09) modheolaíochtaí nuashonraithe le haghaidh comhréireacht inseirbhíse, lena n-áirítear forálacha maidir le marthanacht ceallraí infheithicle, cumhacht córais feithiclí leictrithe agus raon leictreach ag teocht íseal, rud ba cheart a léiriú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 chun cur chun feidhme comhchuibhithe agus faireachas margaidh a áirithiú.

([1]) IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj.

([2]) Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le feithiclí saothair éadroim paisinéirí agus tráchtála a cheadú i dtaca le hastaíochtaí critéar, astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin agus ídiú breosla agus/nó i dtaca le hídiú fuinnimh leictrigh agus raon leictreach a thomhas (WLTP), [2026/1130] (IO L, 2026/1130, 26.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1130/oj).

([3]) Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú feithiclí maidir le hastú truailleán de réir ceanglais breosla innill [2026/1086] (IO L, 2026/1086, 29.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1086/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2025 lena leagtar síos rialacha, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí tástála maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le cineálcheadú astaíochtaí sceite agus galaithe feithiclí de chatagóirí M1 agus N1 agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L, 2025/1706, 5.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1706/oj).

(4) Maidir le cumhacht an chórais a chinneadh i bhfeithiclí leictreacha hibrideacha agus PEVanna a bhfuil mótair iolracha acu, bunaítear na nósanna imeachta teicniúla is gá le Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe ([5]). Ba cheart tagairtí don Rialachán sin ó na Náisiúin Aontaithe a chuimsiú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 chun tomhais chomhsheasmhacha agus in-atáirgthe ar chumhacht an chórais a áirithiú, i gcomhréir le cur chuige feidhmíochtbhunaithe Euro 7.

(5) Chun dearbhuithe comhlíontachta cruinne agus trédhearcacha a áirithiú, is iomchuí a chuimsiú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ceanglas ar na monaróirí teimpléad a úsáid le haghaidh dearbhú comhlíontachta maidir le hAstaíochtaí Fíorthiomána. Leis sin, is féidir le monaróirí comhlíonadh teorainnluachanna astaíochtaí níos ísle a dhearbhú le linn comhréireacht inseirbhíse agus faireachas margaidh ar bhealach comhsheasmhach, agus ar an gcaoi sin éifeachtacht agus in-fhorfheidhmitheacht ceanglas maidir le hastaíochtaí fíorthiomána a fheabhsú.

(6) Ba cheart teimpléid chaighdeánaithe le haghaidh dearbhuithe comhlíontachta a sholáthar do mhonaróirí, i gcomhréir le Rialachán(AE) 2024/1257, chun cur isteach faisnéise iomláine agus cruinne a éascú le haghaidh na dtástálacha ábhartha uile, lena n-áirítear na tástálacha sin a bhaineann le hastaíochtaí, marthanacht ceallraí infheithicle, raon leictreach, agus cumhacht an chórais, agus chun éifeachtúlacht riaracháin agus deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú.

(7) Chun trédhearcacht agus comhchuibhiú a fheabhsú ó Bhallstát go chéile agus chun cur i láthair comhsheasmhach agus inrianaitheacht chomhsheasmhach faisnéise maidir le cineálcheadú a áirithiú, ba cheart córas uimhrithe na ndeimhnithe ar chineálcheadú a oiriúnú chun é a ailíniú le ceanglais Rialachán (AE) 2024/1257, lena n-áirítear forálacha maidir le tástálacha agus nósanna imeachta nua a thugtar isteach faoi Euro 7.

(8) Chun a áirithiú go mbeidh próisis riaracháin, measúnuithe comhréireachta, agus tomhais theicniúla bunaithe ar chaighdeáin atá comhchuibhithe, in-atáirgthe agus in-fhorfheidhmithe ar fud an domhain, agus chun cur chun feidhme comhleanúnach a áirithiú agus ualaí rialála neamhriachtanacha a laghdú, is iomchuí na forbairtí is déanaí i Rialacháin Uimh. 83, 154, 168 ([6]) agus 177 ó na Náisiúin Aontaithe a léiriú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais agus na nósanna imeachta teicniúla mionsonraithe chomh maith le forálacha riaracháin le haghaidh cineálcheadú astaíochtaí, modheolaíochtaí comhréireachta inseirbhíse, marthanacht ceallraí infheithicle, raon leictreach ag teocht íseal agus cinneadh cumhachta córais, agus na ceanglais le haghaidh OBFCM.

(9) Ba cheart na modheolaíochtaí roghnacha maidir le comhréireacht inseirbhíse a thabhairt isteach le haghaidh raon leictreach ag teocht íseal agus cinneadh cumhachta córais chun solúbthacht a sholáthar do mhonaróirí agus d'údaráis agus tástáil láidir ionadaíoch á háirithiú an tráth céanna. Leis na modheolaíochtaí sin tacaítear le forfheidhmiú éifeachtach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 trí na ceanglais shainordaitheacha maidir le comhréireacht inseirbhíse le haghaidh marthanacht ceallraí infheithicle a chomhlánú, agus ar an gcaoi sin comhlíonadh comhsheasmhach infhíoraithe a chuspóirí feidhmíochtbhunaithe a áirithiú.

(10) Chun a áirithiú go leanfaidh doiciméadacht chineálcheadaithe agus ceanglais riaracháin de bheith ailínithe leis na caighdeáin theicniúla agus chomhshaoil atá ag teacht chun cinn le haghaidh mótarfheithiclí, ba cheart na táblaí carachtar astaíochtaí a leasú chun ceanglais shonracha le haghaidh PEVanna a chuimsiú maidir le feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus fuinnimh leictrigh (OBFCM).

(11) Chun aistriú rianúil agus éifeachtúil i dtreo soghluaisteacht leictrithe a áirithiú agus chun ailíniú le hiarrachtaí comhchuibhithe idirnáisiúnta, go háirithe Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, agus a ndóthain ama á thabhairt do mhonaróirí agus d'údaráis cheadaithe oiriúnú do na ceanglais shonracha maidir le PEVanna, is iomchuí cur i bhfeidhm cheanglais OBFCM maidir leis na feithiclí sin a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2030 agus a mhéid a leasaítear Iarscríbhinn II leis, 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2025/1706 a leasú dá réir sin.

([5]) Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cumhacht córais feithiclí leictreacha hibrideacha agus feithiclí lánleictreacha ag a bhfuil níos mó ná meaisín leictreach amháin le haghaidh tiomána a chinneadh [2025/1910] (IO L, 2025/1910, 26.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1910/oj).

([6]) Leasuithe ar Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí paisinéirí agus tráchtála saothair éadroim i dtaca le hastaíochtaí fíorthiomána [2026/1900] (IO L, 2026/1900, 15.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1900/oj).

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Teicniúil - Mótarfheithiclí (CTMF).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2025 lena leagtar síos rialacha, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí tástála maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le cineálcheadú astaíochtaí sceite agus galaithe, marthanacht ceallraí infheithicle, raon feithiclí leictreacha ag teochtaí íseal agus cumhacht córais feithiclí leictrithe atá i bhfeithiclí de chatagóirí M_1 agus N_1 agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683';

(2) in Airteagal 1, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cineálcheadú astaíochtaí i dtaca le hastaíochtaí sceite agus astaíochtaí galaithe, marthanacht ceallraí infheithicle, raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal, agus cumhacht córais feithiclí leictrithe atá sna mótarfheithiclí a bhaineann leis na catagóirí feithiclí seo a leanas:';

(3) in Airteagal 3, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun cineálcheadú astaíochtaí a fháil faoi Rialachán (AE) 2024/1257, léireoidh an monaróir go gcomhlíonann na feithiclí ceanglais an Rialacháin seo nuair a dhéantar iad a thástáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta tástála a shonraítear in Iarscríbhinní III go VIII, X, XI, XIV, XV, XVI, XVII, XIX, XX, XXI agus XXII. Áiritheoidh an monaróir freisin go gcomhlíonann na breoslaí tagartha na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IX.';

(4) in Airteagal 5(1), cuirtear isteach pointe (c) seo a leanas i ndiaidh phointe (b):

'(c) feithiclí lánleictreacha (PEVanna).';

(5) Scriostar Airteagal 6(3)(c);

(6) Scriostar Airteagal 6(4);

(7) in Airteagal 10, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'Comhréireacht inseirbhíse astaíochtaí sceite agus astaíochtaí galaithe';

(8) i mír 3 d'Airteagal 10, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Tá na ceanglais maidir le seiceálacha comhréireachta inseirbhíse infheidhme go dtí 10 mbliana tar éis an Deimhnithe Comhréireachta dheireanaigh nó an deimhnithe dheireanaigh um fhormheas aonair a eisiúint maidir le feithiclí d'aicme comhréireachta inseirbhíse atá faoi réir tástála de réir mhír 9.2.3 de Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe, mar a shainmhínítear i mír 3 d'Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe.';

(9) cuirtear isteach Airteagail 10a, 10b agus 10c seo a leanas:

'*Airteagal 10a*

Comhréireacht inseirbhíse marthanachta ceallraí infheithicle

Déanfar an chomhréireacht inseirbhíse le haghaidh marthanacht ceallraí infheithicle a sheiceáil ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i bhFoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 10b

Comhréireacht inseirbhíse raoin leictrigh ag teocht íseal

Déanfar an chomhréireacht inseirbhíse le haghaidh raon leictreach PEVanna a sheiceáil ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i mír 9.4.1 de Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe agus i bhFoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 10c

Comhréireacht inseirbhíse cumhachta córais

Déanfar an chomhréireacht inseirbhíse le haghaidh chumhacht an chórais a sheiceáil ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i mír 9.7.1 de Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe agus i bhFoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán seo.';

(10) Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, XV, XVII, XIX agus XXII i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón dáta sin.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (4) ón 1 Eanáir 2030. Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (10), a mhéid a leasaítear Iarscríbhinn II leis, 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, XV, XVII, XIX agus XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.1.1:

'1.1.1. Is iad na ceanglais a leagtar amach i mír 5.9. de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe (*) a bheidh sna ceanglais bhreise maidir le cineálcheadú a dheonú le haghaidh feithiclí gáis aonbhreosla agus feithiclí gáis débhreosla. An tagairt don doiciméad faisnéise i mír 5.9.1. de Rialachán Uimh. 154(*) ó na Náisiúin Aontaithe, tuigfear í mar thagairt d'Fhoscríbhinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

_____

(*) Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le feithiclí saothair éadroim paisinéirí agus tráchtála a cheadú i dtaca le hastaíochtaí critéar, astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin agus ídiú breosla agus/nó i dtaca le hídiú fuinnimh leictrigh agus raon leictreach a thomhas (WLTP), sraith leasuithe 04, ECE/TRANS/WP.29/2026/26 (IO L 2026/1130, 26.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1130/oj).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.2.1:

'2.2.1. Léiríonn Fíor I.2.3 cur i bhfeidhm na dtástálacha le haghaidh cineálcheadú astaíochtaí feithicle. Tugtar tuairisc ar na nósanna imeachta tástála sonracha in Iarscríbhinní II, III, IV, V, VI, VII, VIII, X, XI, XIV, XV, XVI, XVII, XIX, XX, XXI agus XXII.';

(c) sa tábla faoi Fhíor 1.2.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála 'Feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh':

'Feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh	Is ea	—	—	—	—	—	—	Is ea (an dá bhreosla)	Is ea	Is ea	Is ea ([8])	—';

(d) sa tábla faoi Fhíor 1.2.3, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

'Marthanacht ceallraí infheithicle	Is ea([9])	Is ea([9])	Is ea([9])	Is ea([9])	Is ea([9])	Is ea([9])	Is ea([9])	Is ea([9])	Is ea([9])	Is ea([9])	Is ea	—
Raon leictreach ag teocht íseal	—	—	—	—	—	—	—	—	—	—	Is ea	—
Cinneadh cumhachta córais	Is ea([10])	Is ea([10])	Is ea([10])	Is ea([10])	Is ea([10])	Is ea([10])	Is ea([10])	Is ea([10])	Is ea([10])	Is ea([10])	Is ea([10])	—';

(e) cuirtear nótaí tábla [8], [9] agus [10] seo a leanas isteach i ndiaidh an tábla faoi Fhíor 1.2.3:

'(8) Ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh, i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach i míreanna 11.1.4 agus 11.1.5 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

(9) I gcás OVC-HEVanna amháin.

(10) I gcás HEVanna agus PEVanna a bhfuil mótair iolracha acu i gcomhréir le raon feidhme Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe (*).';

_____

(*) Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cumhacht córais feithiclí leictreacha hibrideacha agus feithiclí lánleictreacha ag a bhfuil níos mó ná meaisín leictreach amháin le haghaidh tiomána a chinneadh (IO L, 2025/1910, 26.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1910/oj).

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.3.1:

'3.3.1. Déanfar an cineálcheadú a shíneadh chun feithiclí a chumhdach má chomhlíonann siad ceanglais mhír 7.2 de Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe (*).

_____

(*) Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú feithiclí maidir le hastú truailleán de réir ceanglais breosla innill, sraith leasuithe 09 ECE/TRANS/WP.29/2026/25 [2026/1086] (IO L, 2026/1086, 29.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1086/oj).';

(g) I bhFoscríbhinn 3, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'3.5.7.7. Cumhacht an Chórais (luachanna arna ndearbhú ag an monaróir) (i gcás inarb infheidhme)

3.5.7.7.1. Buaic-chumhacht Córais Feithicle: ... kW

3.5.7.7.2. Cumhacht Córais Leanúnach Feithicle: ... kW

3.5.7.8. Fuinneamh Ceallra Inúsáidte na feithicle tráth an deimhnithe (*UBE* $_{deimhnithe}$): … (Wh)'

(h) I bhFoscríbhinn 4, san Aguisín a ghabhann le deimhniú ar chineálcheadú AE, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'4.3. Cumhacht an Chórais (luachanna arna ndearbhú ag an monaróir) (i gcás inarb infheidhme)

4.3.1. Buaic-chumhacht Córais Feithicle: ... kW

4.3.2. Cumhacht Córais Leanúnach Feithicle: ... kW'

(i) leasaítear Foscríbhinn 6 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.:

'Is é a bheidh i Roinn 2 d'uimhreacha na ndeimhnithe ceadaithe arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán seo agus dá dtagraítear in iontráil 48.3 d'Iarscríbhinn VIII faoi Shamhail B-Cuid 2 agus faoi Shamhail C2-Cuid 2 a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683, uimhir an bhunghnímh rialála cur chun feidhme. Is é a bheidh i Roinn 3 d'uimhir an deimhnithe ceadaithe uimhir an Ghnímh Cur Chun Feidhme leasaithigh is déanaí is infheidhme. Leanfaidh ceann de na carachtair dhá litir ó Tháblaí 2 agus 4 go díreach uimhir an Ghnímh cur chun feidhme leasaithigh is déanaí, i.e. gan réiltín a chur idir an uimhir sin agus an carachtar dhá litir ábhartha.'

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 1:

'Tábla 1

Leibhéal astaíochtaí

Carachtar Astaíochtaí [1], [2]	Caighdeán astaíochtaí	Focharachtar le haghaidh an Rialacháin seo (féach Tábla 2)	Focharachtar le haghaidh OBM agus EVP (féach Tábla 3)	Catagóir feithicle	Astaíochtaí coscáin	An dáta clárúcháin deiridh
TL [3]	Euro 7-TEMP	MT, ME, MA nó MC	OA	M_1, N_1	Ní bhaineann le hábhar	28.11.2027
TE [3]	Euro 7-TEMP	MV, MF, MB nó MD	OB	N_2 (Euro 7ext)	Ní bhaineann le hábhar	28.5.2029 [4]
TS [3]	Euro 7-TEMP	NA	PA	M_1, N_1 (U)SVM	Ní bhaineann le hábhar	30.6.2030
TT [3]	Euro 7-TEMP	NB	PB	N_2 (Euro 7ext) (U)SVM	Ní bhaineann le hábhar	30.6.2031
FL	Euro 7A	MA [5], ME nó MG [6]	OA	M_1, N_1	RA	31.12.2029
FE	Euro 7A	MB [5], MF nó MG [6]	OB	N_2 (Euro 7ext)	RB	31.12.2029
GL	Euro 7B	MG [6]	OA nó OB	M_1, N_1, N_2 (Euro 7ext)	RC	31.12.2034
GS	Euro 7BS	NA	PA	M_1, N_1 (U)SVM	RD	31.12.2034
GT	Euro 7BT	NB	PB	N_2 (Euro 7ext) (U)SVM	RE	31.12.2034

Carachtar Astaíochtaí ([1]), ([2])	Caighdeán astaíochtaí	Focharachtar le haghaidh an Rialacháin seo (féach Tábla 2)	Focharachtar le haghaidh OBM agus EVP (féach Tábla 3)	Catagóir feithicle	Astaíochtaí coscáin	An dáta clárúcháin deiridh
HL	Euro 7C	MG[6]	OA nó OB	M_1, N_1, N_2 (Euro 7ext)	RF	
HS	Euro 7CS	NA nó NB	PA nó PB	M_1, N_1, N_2 (Euro 7ext) (U)SVM	RF	

([1]) An chéad litir den Charachtar: T = TEMP-feithicil, F = Euro 7A, G = Euro 7B, H = Euro 7C.
([2]) An dara litir den Charachtar: L = monaróir méideanna móra, E = feithicil Euro 7ext, S =(U)SVM, T = feithicil Euro 7ext ó (U)SVM.
([3]) Cur i bhfeidhm deonach roimh na dátaí cur i bhfeidhm sainordaitheacha a leagtar síos in Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2024/1257.
([4]) I gcás fhocharachtar MV, is é 31.12.2027 an dáta clárúcháin deireanach.
([5]) Is infheidhme maidir le ICEV, agus maidir leis sin amháin.
([6]) I gcás fhocharachtar MG, tá feidhm ag ceanglais nuashonraithe OBFCM i gcomhréir le míreanna 11.1.4 agus 11.1.5 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe agus le Foscríbhinn 5 de.

Eochair:
'(U)SVM' = monaróir (ultrai-)ísealtáirgeachta;
'monaróir mórtháirgeachta' = monaróir nach monaróir ísealtáirgeachta é;
'caighdeán astaíochtaí TL/TE 'Euro 7-TEMP' = astaíochtaí Euro 7 (an Rialachán Chur Chun Feidhme seo is infheidhme an 22 Iúil 2026 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707 an 25 Iúil 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modhanna, ceanglais agus tástálacha sonracha, lena n áirítear tairseacha comhlíontachta, le haghaidh feistí OBFCM agus córais OBM, saintréithe agus feidhmíocht córas rabhaidh don tiománaí agus modhanna aslaigh agus modhanna chun measúnú a dhéanamh ar a n-oibriú, formáid EVP agus sonraí agus modhanna cumarsáide maidir le sonraí EVP mótarfheithiclí de chatagóirí M1 agus N1 (IO L, 2025/1707, 5.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1707/oj));
'caighdeán astaíochtaí TS/TT 'Euro 7-TEMP' = astaíochtaí Euro 7 (an Rialachán Chur Chun Feidhme seo is infheidhme an 22 Iúil 2026 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707 an 25 Iúil 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modhanna, ceanglais agus tástálacha sonracha, lena n áirítear tairseacha comhlíontachta, le haghaidh feistí OBFCM agus córais OBM, saintréithe agus feidhmíocht córas rabhaidh don tiománaí agus modhanna aslaigh agus modhanna chun measúnú a dhéanamh ar a n-oibriú, formáid EVP agus sonraí agus modhanna cumarsáide maidir le sonraí EVP mótarfheithiclí de chatagóirí M1 agus N1 (IO L, 2025/1707, 5.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1707/oj));
'Euro 7A' = astaíochtaí Euro 7 de réir an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo (lena n-áirítear marthanacht ceallraí infheithicle, cumhacht córais feithiclí leictreacha agus raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal i gcás inarb infheidhme) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707 chomh maith leis na teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin faoi Thábla 4 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 agus na ceanglais theicniúla ghaolmhara;
'Euro 7B' = astaíochtaí Euro 7 de réir an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo (lena n-áirítear marthanacht ceallraí infheithicle, cumhacht córais feithiclí leictreacha agus raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal i gcás inarb infheidhme) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707 chomh maith leis na teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin faoi Thábla 5 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 agus na ceanglais theicniúla ghaolmhara;
'Euro 7C' = astaíochtaí Euro 7 de réir an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo (lena n-áirítear marthanacht ceallraí infheithicle, cumhacht córais feithiclí leictreacha agus raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal i gcás inarb infheidhme) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707 chomh maith leis na teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin faoi Thábla 8 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 agus na ceanglais theicniúla ghaolmhara.';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 2:

'Tábla 2

Tábla focharachtair

Focharachtar	Tuairisc	Catagóir feithicle ([6])	Gléasra cumhachta	Marthanacht ceallraí infheith-icle ([4]) ([7])	Cumhacht córais feithiclí leictreacha ([3]) ([7])	Raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal ([5]) ([7])	Dáta cur chun feidhme: cineálacha nua	Dáta cur chun feidhme: feithiclí nua	An dáta clárúcháin deiridh
MA	Euro 7-TEMP	M_1, N_1	NOVC-HEV	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar			28.11.2027
MA	Euro 7-TEMP	M_1, N_1	ICEV	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	29.11.2026	29.11.2027	31.12.2029
MT	Euro 7-TEMP UF EB ([1])	M_1, N_1	OVC-HEV	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar			28.11.2027
MA	Euro 7-TEMP UF EC ([2])	M_1, N_1	OVC-HEV	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar			28.11.2027
MB	Euro 7-TEMP	N_2	NOVC-HEV	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar			28.5.2029
MB	Euro 7-TEMP	N_2	ICEV	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	29.5.2028	29.5.2029	31.12.2029
MV	Euro 7-TEMP UF EB ([1])	N_2	OVC-HEV	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar			31.12.2027
MB	Euro 7-TEMP UF EC ([2])	N_2	OVC-HEV	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar			28.5.2029
MC	Euro 7-TEMP	M_1, N_1	PEV, FCHV	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar			28.11.2027
MD	Euro 7-TEMP	N_2	PEV, FCHV	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar			28.5.2029
ME	Euro 7	M_1, N_1	NOVC-HEV, OVC-HEV, PEV, FCHV	X	X	X	29.11.2026	29.11.2027	31.12.2029
MF	Euro 7	N_2	NOVC-HEV, OVC-HEV, PEV, FCHV	X	X	X	29.5.2028	29.5.2029	31.12.2029

Focharachtar	Tuairisc	Catagóir feithicle ([6])	Gléasra cumhachta	Marthanacht ceallraí infheith-icle ([4]) ([7])	Cumhacht córais feithiclí leictreacha ([3]) ([7])	Raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal ([5]) ([7])	Dáta cur chun feidhme: cineálacha nua	Dáta cur chun feidhme: feithiclí nua	An dáta clárúcháin deiridh
MG	Euro 7	M_1, N_1, N_2	Gach ceann	X	X	X	Ní bhaineann le hábhar	1.1.2030	
NA	Euro 7 (U)SVM	M_1, N_1	Gach ceann	X	X	X	Ní bhaineann le hábhar	1.7.2030	
NB	Euro 7 (U)SVM	N_2	Gach ceann	X	X	X	Ní bhaineann le hábhar	1.7.2031	

([1]) I gcás OVC-HEVanna a úsáideann an fachtóir fóntais ó Euro 6e-bis (EB), agus an paraiméadar d_{neb} á chur i bhfeidhm chun UF codánach a chinneadh de réir Fhoscríbhinn 5 d'Iarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe (sraith leasuithe 02).

([2]) I gcás OVC-HEVanna a úsáideann an fachtóir fóntais ó Euro 6e-bis-FCM (EC), agus an paraiméadar d_{nec} á chur i bhfeidhm chun UF codánach a chinneadh de réir Fhoscríbhinn 5 d'Iarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe (sraith leasuithe 04).

([3]) Is infheidhme maidir le feithiclí hibrideacha agus PEVanna a bhfuil mótair iolracha acu, agus maidir leo sin amháin, i gcomhréir le raon feidhme Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe.

([4]) Is infheidhme maidir le PEVanna agus OVC-HEVanna, agus maidir leo sin amháin.

([5]) Is infheidhme maidir le PEVanna, agus maidir leo sin amháin.

([6]) Nuair a thagraítear do 'N_2' sa cholún seo, níl sé sin infheidhme ach amháin maidir le feithiclí Euro 7ext dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257.

([7]) I gcás 'X', tá gá leis an ngné seo le haghaidh ceadú feithicle más infheidhme le haghaidh an ghléasra cumhachta.;'

Eochair:

Deonaítear focharachtair MA, MB, MC, MD, MT agus MV do chineálcheaduithe faoi Rialachán (AE) 2025/1706 de réir mar is infheidhme an 22 Iúil 2026..

Deonaítear focharachtair ME agus MF do chineálcheaduithe faoi Rialachán (AE) 2025/1706 de réir mar is infheidhme an 23 Iúil 2026.

Deonaítear focharachtar MG do chineálcheaduithe faoi Rialachán (AE) 2025/1706 de réir mar is infheidhme an 23 Iúil 2026 agus i gcomhréir le ceanglais OBFCM ó mhíreanna 11.1.4 agus 11.1.5 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe agus ó Fhoscríbhinn 5 a ghabhann leis

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 3:

'Tábla 3

Tábla focharachtair le haghaidh OBM agus EVP

Focharachtar	Tuairisc	Catagóir feithicle ([1])	Gléasra cumhachta	Dáta cur chun feidhme: cineálacha nua	Dáta cur chun feidhme: feithiclí nua	An dáta clárúcháin deiridh
OA	Euro 7	M_1, N_1	Gach ceann	29.11.2026	29.11.2027	
OB	Euro 7	N_2	Gach ceann	29.5.2028	29.5.2029	
PA	Euro 7 (U)SVM	M_1, N_1	Gach ceann	Ní bhaineann le hábhar	1.7.2030	
PB	Euro 7 (U)SVM	N_2	Gach ceann	Ní bhaineann le hábhar	1.7.2031	

([1]) Nuair a thagraítear do 'N_2' sa cholún seo, níl sé sin infheidhme ach amháin maidir le feithiclí Euro 7ext dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257.';

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1764/oj

(v) cuirtear isteach Tábla 4 seo a leanas:

'Tábla 4

Tábla focharachtair le haghaidh astaíochtaí cáithníní ó choscáin

Focharachtar	Tuairisc	Catagóir feithicle ([1])	Gléasra cumhachta	Dáta cur chun feidhme: cineálacha nua	Dáta cur chun feidhme: feithiclí nua	An dáta clárúcháin deiridh
RA	Euro 7	M_1, N_1	Gach ceann	29.11.2026	29.11.2027	31.12.2029
RB	Euro 7	N_2	Gach ceann	29.5.2028	29.5.2029	31.12.2029
RC	Euro 7	M_1, N_1, N_2	Gach ceann	Ní bhaineann le hábhar	1.1.2030	31.12.2034
RD	Euro 7 (U)SVM	M_1, N_1	Gach ceann	Ní bhaineann le hábhar	1.7.2030	31.12.2034
RE	Euro 7 (U)SVM	N_2	Gach ceann	Ní bhaineann le hábhar	1.7.2031	31.12.2034
RF	Euro 7	M_1, N_1, N_2	Gach ceann	Ní bhaineann le hábhar	1.1.2035	

([1]) Nuair a thagraítear do 'N2' sa cholún seo, níl sé sin infheidhme ach amháin maidir le feithiclí Euro 7ext dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257.

Eochair:
Tugtar focharachtair RA agus RB do cheaduithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1762 (*) ón gCoimisiún i gcomhréir le teorainnluachanna ó Thábla 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257.
Tugtar focharachtair RC, RD agus RE do cheaduithe faoi Rialachán (AE) [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach anseo tagairtí agus uimhir an ghnímh cur chun feidhme maidir le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin] i gcomhréir le teorainnluachanna ó Thábla 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257.
Tugtar focharachtar RF do cheaduithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1762 i gcomhréir le teorainnluachanna ó Thábla 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257.';

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1762 an 13 Iúil 2026 lena leagtar síos rialacha, nósanna imeachta, modheolaíochtaí tástála agus ceanglais riaracháin maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin ó mhótarfheithiclí de chatagóirí M1 agus N1 (IO L, 2026/1762, 22.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1762/oj).'

(vi) cuirtear an pointe seo a leanas le Foscríbhinn 8a:

'7. Cuir isteach roinn 2.11. seo a leanas:

2.11. Fuinneamh Ceallra Inúsáidte ('UBE') na feithicle tráth an deimhnithe (*UBE $_{deimhnithe}$*)

$UBE_{deimhnithe}$	:	… (Wh)'

(vii) cuirtear isteach Foscríbhinn 8e seo a leanas isteach i ndiaidh Fhoscríbhinn 8d:

'Foscríbhinn 8e

Tuarascáil ar thástáil cumhachta córais

Cuimseofar sa tuarascáil ar chumhacht an chórais an fhaisnéis a leagtar síos i bhFoscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe. De rogha air sin, féadfar tagairt a dhéanamh d'uimhir chineálcheadaithe an deimhnithe ar chineálcheadú arna dheonú i gcomhréir le Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe.'

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1764/oj

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.20:

'3.20. Áireofar i dTábla 1 i bhFoscríbhinn 5 rónna breise idir rónna 44a agus 49 mar a leanas:

	I gcás feithiclí ilchéimneacha nó feithiclí sainchuspóireacha ilchéimneacha			
'45a	Mais iarbhír cheadaithe na feithicle deiridh	Uimhir	kg	Mar a thuairiscítear i bpointe 0.2.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683 Ó-go
45b	Uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil le haghaidh na feithicle (in kg)	Uimhir	kg	Mar a thuairiscítear i bpointe 0.2.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683 Ó-go
46	Limistéar tosaigh is incheadaithe le haghaidh na feithicle deiridh	Uimhir	cm^2	Mar a thuairiscítear i bpointe 0.2.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683 Ó-go
47	Friotaíocht rollach is incheadaithe	Uimhir	kg/t	Mar a thuairiscítear i bpointe 0.2.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683 Ó-go
48	An limistéar tosaigh is incheadaithe le haghaidh an bhealaigh isteach don aer ar an ngríl tosaigh	Uimhir	cm^2	Mar a thuairiscítear i bpointe 0.2.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683 Ó-go
	I gCÁS GACH FEITHICLE'			

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.21:

'Léifear Tábla 2 i bhFoscríbhinn 5 mar a leanas:

'Tábla 2

Liosta Trédhearcachta 2

Réimse	Cineál sonraí	Tuairisc
Cineál-Malairt-Leagan (CML)	Téacs	Aitheantóir uathúil Chineál, Mhalairt, Leagan na feithicle mar a thuairiscítear i bpointe 0.2. den Deimhniú Comhréireachta, Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683, Foscríbhinn Cuid 1.
Aitheantas Aicme PEMS	Téacs	Mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, pointe 3.5.2.
Déanamh	Téacs	Trádainm an mhonaróra, pointe 0.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683.
Ainm tráchtála	Téacs	Ainmneacha tráchtála CML, pointe 0.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683.
Ainm eile	Téacs	Téacs saor
Catagóir agus aicme	Liosta áirithe (M_1, N_1 aicme I, N_1 aicme II, N_1 aicme III, N_2, N_3, M_2, M_3)	Catagóir agus aicme na feithicle, Tábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257.

Réimse	Cineál sonraí	Tuairisc
Cabhalra	Áireamh (AA Salún; AB Feithicil chúlhaiste, AC Carr fada, AD Coupé, AE Feithicil inathraithe, AF Feithicil ilchuspóireach, AG Trucail carr fada, BA Leoraí, BB Veain, BC Aonad tarracóra le haghaidh leathleantóra, BD Tarracóir bóthair, BE Truiclín, BX Cábán fonnaidh nó cochall fonnaidh)	An cineál cabhalra, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683, pointe 0.3.0.2.
Uimhir na Tástála um Chineálcheadú Astaíochtaí	Téacs	Mar a thuairiscítear ar shamhail an deimhnithe ar chineálcheadú AE in Iarscríbhinn I/Foscríbhinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo.
Uimhir Chineálcheadaithe Lánfheithicle	Téacs	Aitheantóir an Chineálcheadaithe Lánfheithicle mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2020/683.
Aitheantas na hAicme Evap	Téacs	Mar a thuairiscítear i mír 0.2.3.7 d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
Cumhacht Rátaithe Innill breosla 1, breosla 2 (más ábhartha)	Uimhir	Mír 3.2.1.8 d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
Boinn chúplacha	is ea/ní hea	Dearbhaithe ag OEM.
Breosla Umar Toillte (luachanna scoite)	Uimhir	Toilleadh/toillte umair bhreosla/umar breosla, pointe 3.2.3.1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683.
Umar séalaithe	is ea/ní hea	Pointe 3.2.12.2.5.5.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683.
WMI a úsáidtear sa Chineálcheadú Lánfheithicle+CML seo	Téacs	Dearbhaithe ag OEM (ISO 3779)
Aitheantóir Aicme OBM	Téacs	Mar atá greamaithe sa Dearbhú maidir le Comhlíonadh OBM, EVP agus na gceanglas maidir le taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707'

(3) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.3:

'2.3 Deimhneoidh an monaróir comhlíontacht tríd an dearbhú maidir le comhlíontacht astaíochtaí fíorthiomána a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a líonadh isteach. Féadfaidh an monaróir a dhearbhú go bhfuil teorainneacha astaíochta níos ísle á gcomhlíonadh trí luachanna níos ísle ar a dtugtar 'Astaíochtaí Fíorthiomána Uasta Dearbhaithe' a dhearbhú i gcás NOx nó líon cáithníní nó an dá rud, i ndeimhniú comhlíontachta astaíochtaí fíorthiomána an Mhonaróra agus i nDeimhniú Comhréireachta gach feithicle. Úsáidfear na huasluachanna dearbhaithe astaíochtaí fíorthiomána sin chun comhlíontacht gluaisteán a sheiceáil nuair is infheidhme, lena n-áirítear comhlíontacht le haghaidh tástálacha a dhéantar le linn Comhréireacht Inseirbhíse agus Faireachas Margaidh.';

(b) cuirtear isteach Foscríbhinn 1 seo a leanas:

Foscríbhinn 1

Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh ceanglas Astaíochtaí Fíorthiomána

(Monaróir): …..

(Seoladh an Mhonaróra): …..

Dearbhaíonn sé:

[Beidh feidhm ag an mír seo a leanas i gcás ina gcuirfear na teorainneacha astaíochtaí i bhfeidhm. Níl sí infheidhme i gcás ina gcuirtear uasluachanna astaíochtaí fíorthiomána dearbhaithe níos ísle i bhfeidhm:]

Comhlíonann na cineálacha feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an deimhniú seo na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 maidir le gach tástáil bhailí astaíochtaí fíorthiomána a dhéantar i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin sin.

[Beidh feidhm ag an mír seo a leanas i gcás ina gcuirtear uasluachanna astaíochtaí fíorthiomána dearbhaithe níos ísle i bhfeidhm. Níl sí infheidhme i gcás ina gcuirtear na teorainneacha astaíochtaí i bhfeidhm:]

An fheithicil/na feithiclí a chumhdaítear leis an gceadú seo / an fheithicil/na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dearbhú seo[1], tá sí/siad[2] i gcomhréir leis na huasluachanna dearbhaithe astaíochtaí fíorthiomána mar a leagtar amach sa tábla thíos:

	Uasluachanna astaíochtaí fíorthiomána dearbhaithe
Mais ocsaídí nítrigine (NO_X)	(mg/km)
Líon cáithníní (PN_{10})	(#/km)

Arna dhéanamh i/in/sa [….. Áit([3])]

An [..... Dáta]

[Ainm agus síniú an duine atá údaraithe ag an Monaróir nó ag Ionadaí an Mhonaróra([4])]

Ceangaltán/Ceangaltáin

Iarscríbhinn I: An Cineál Feithicle/na Cineálacha Feithiclí, an Aicme Feithicle/na hAicmí Feithiclí nó na feithiclí ar a dtugtar tuairisc le tuairisceoir(í) feithicle eile a bhfuil feidhm ag an dearbhú seo maidir leo (más infheidhme).

(1) Scrios an méid nach bhfuil infheidhme.

(2) Roghnaigh 'sí' nó 'siad' mar is infheidhme.

(3) Bunaithe san Aontas.

(4) Ciallaíonn 'ionadaí an mhonaróra' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus atá ceaptha go hiomchuí ag an monaróir chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an mhonaróra os comhair an údaráis ceadaithe nó an údaráis um fhaireachas margaidh agus chun gníomhú thar ceann an mhonaróra in ábhair a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/858, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (41) den Rialachán sin..;

(4) Cuirtear an méid a leanas in ionad Iarscríbhinn XV:

'IARSCRÍBHINN XV

MARTHANACHT CEALLRAÍ INFHEITHICLE

1. RÉAMHRÁ

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo an nós imeachta chun measúnú a dhéanamh ar an marthanacht ceallraí infheithicle. Chun críoch cineálcheadaithe, soláthróidh an monaróir don údarás cineálcheadaithe deonaithe dearbhú sínithe maidir le comhlíonadh na gceanglas marthanachta ceallraí infheithicle trí úsáid a bhaint as an teimpléad le haghaidh dhearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh na gceanglas marthanachta ceallraí infheithicle a leagtar síos i bhFoscríbhinn 2 den Iarscríbhinn seo.

2. CEANGLAIS GHINEARÁLTA

2.1. Is iad na ceanglais ghinearálta a leagtar síos i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, i ndáil le leibhéal 1A, na ceanglais ghinearálta maidir le marthanacht ceallraí infheithicle.

2.2. Cuirfear na luachanna íoscheanglais feidhmíochta atá bunaithe ar fhuinneamh ceallra a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 le haghaidh fheithiclí M_1 agus i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin le haghaidh fheithiclí N_1 in ionad na luachanna íoscheanglais feidhmíochta atá bunaithe ar fhuinneamh ceallra (staid an fhuinnimh dheimhnithe) dá dtagraítear i dTábla 1 de mhír 1.2. d'Iarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

2.3. Leagtar síos an mhodheolaíocht comhréireachta inseirbhíse le haghaidh marthanacht ceallraí infheithicle i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

3. CEANGLAIS THEICNIÚLA

3.1. Is iad na ceanglais theicniúla a leagtar amach i mír 6.11 agus in Iarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, i ndáil le leibhéal 1A, na ceanglais theicniúla maidir le marthanacht ceallraí infheithicle.

Foscríbhinn 1

Modheolaíocht comhréireachta inseirbhíse le haghaidh marthanacht ceallraí infheithicle

Déanfar an chomhréireacht inseirbhíse le haghaidh marthanacht ceallraí infheithicle a sheiceáil ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe*..

Foscríbhinn 2

Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh na gceanglas maidir le marthanacht ceallraí infheithicle

(Monaróir): …..

(Seoladh an mhonaróra): …..

Dearbhaíonn sé:

[Beidh feidhm ag an mír seo a leanas i gcás ina gcuirfear na híoscheanglais feidhmíochta i bhfeidhm. Níl sí infheidhme i gcás ina gcuirtear na ceanglais feidhmíochta dhearbhaithe i bhfeidhm:]

An fheithicil/na feithiclí a chumhdaítear leis an gceadú seo / an fheithicil/na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dearbhú seo[1], tá sí/siad[2] i gcomhréir leis na híoscheanglais feidhmíochta mar a leagtar amach iad i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 le haghaidh fheithiclí M_1 / i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 le haghaidh fheithiclí N_1[1];

[Beidh feidhm ag an mír seo a leanas i gcás ina gcuirfear na ceanglais feidhmíochta dhearbhaithe i bhfeidhm. Níl sí infheidhme i gcás ina gcuirtear na híoscheanglais feidhmíochta i bhfeidhm:]

An fheithicil/na feithiclí a chumhdaítear leis an gceadú seo / an fheithicil/na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dearbhú seo[1], tá sí/siad[2] i gcomhréir leis na ceanglais feidhmíochta dhearbhaithe mar a leagtar amach iad sa tábla thíos;

Aois/míleáiste na feithicle	Ceanglais feidhmíochta dhearbhaithe
Ó thús na saolré go dtí 5 bliana nó 100 000 km, cibé acu is túisce	(1) … %
Feithiclí is mó ná 5 bliana nó 100 000 km, agus suas le 8 mbliana nó 160 000 km, cibé acu is túisce	(2) … %

[Beidh feidhm ag an mír seo a leanas i gcás ina gcuirfear na ceanglais feidhmíochta dhearbhaithe nó na híoscheanglais feidhmíochta i bhfeidhm:]

Thairis sin, an fheithicil/na feithiclí a chumhdaítear leis an gceadú seo / an fheithicil/na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an deimhniú seo[1], tá sí/siad[2] i gcomhréir leis na ceanglais maidir le marthanacht ceallraí infheithicle a leagtar síos in Iarscríbhinn XV de Rialachán (AE) 2026/1764;.

Arna dhéanamh i/in/sa [….. Áit[3]]

An [..... Dáta]

[Ainm agus síniú an duine atá údaraithe ag an Monaróir nó ag Ionadaí an Mhonaróra[4]]

Ceangaltáin

Iarscríbhinn I: An cineál feithicle/na cineálacha feithiclí, an aicme feithicle/na haicmí feithiclí nó na feithiclí ar a dtugtar tuairisc le tuairisceoir(í) feithicle eile a bhfuil feidhm ag an dearbhú seo maidir leo (más infheidhme).

[1] Scrios an méid nach bhfuil infheidhme.

[2] Roghnaigh ‘sí’ nó ‘siad’ mar is infheidhme.

[3] Bunaithe san Aontas.

[4] Ciallaíonn ‘ionadaí an mhonaróra’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus atá ceaptha go hiomchuí ag an monaróir chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an mhonaróra os comhair an údaráis ceadaithe nó an údaráis um fhaireachas margaidh agus chun gníomhú thar ceann an mhonaróra in ábhair a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/858, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (41) den Rialachán sin.’;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn XVII:

‘IARSCRÍBHINN XVII

RAON LEICTREACH AG TEOCHT ÍSEAL

1. RÉAMHRÁ

Leagtar síos san Iarscríbhinn seo an nós imeachta chun an tástáil teochta ísle a dhéanamh chun raon leictreach PEVanna ag teocht íseal a fhíorú.

2. CEANGLAIS GHINEARÁLTA

2.1. Is iad na ceanglais ghinearálta a leagtar síos i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, i ndáil le leibhéal 1A, na ceanglais ghinearálta maidir le raon leictreach ag teocht íseal.

2.2. Leagtar síos an mhodheolaíocht comhréireachta inseirbhíse roghnach le haghaidh raon leictreach ag teocht íseal i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

3. CEANGLAIS THEICNIÚLA

3.1. Is iad na ceanglais theicniúla a leagtar amach i mír 6.10 agus in Iarscríbhinn B10 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, i ndáil le leibhéal 1A, na ceanglais theicniúla maidir le raon leictreach ag teocht íseal.

Foscríbhinn 1

Modheolaíocht comhréireachta inseirbhíse roghnach le haghaidh raon leictreach ag teocht íseal

Féadfar an chomhréireacht inseirbhíse le haghaidh raon leictreach ag teocht íseal a fhíorú ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart, i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn 11 a ghabhann le Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe.';

(6) Cuirtear an méid a leanas in ionad Iarscríbhinn XIX:

'IARSCRÍBHINN XIX

CINNEADH CUMHACHTA CÓRAIS

1. RÉAMHRÁ

Leagtar síos san Iarscríbhinn seo an nós imeachta maidir le cumhacht chórais HEVanna agus PEVanna a bhfuil mótair iolracha acu a chinneadh de réir raon feidhme Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe.

2. CEANGLAIS GHINEARÁLTA

2.1. Is iad na ceanglais ghinearálta a leagtar síos i Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe na ceanglais ghinearálta maidir le cumhacht an chórais a chinneadh, seachas na ceanglais maidir le Comhréireacht Táirgeachta atá i mír 11.

2.2. Leagtar síos modheolaíocht roghnach le haghaidh measúnú comhréireachta inseirbhíse a dhéanamh ar chinneadh cumhachta córais i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

3. CEANGLAIS THEICNIÚLA

3.1. Is iad na ceanglais theicniúla a leagtar síos i míreanna 7 agus 8 de Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe* na ceanglais theicniúla maidir le cinneadh cumhachta córais.

Foscríbhinn 1

Modheolaíocht roghnach le haghaidh measúnú comhréireachta inseirbhíse a dhéanamh ar chinneadh cumhachta córais

Féadfar an measúnú ar chomhréireacht inseirbhíse i leith cinneadh cumhachta córais a dhéanamh ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart, i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn 14 a ghabhann le Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe.'.

(7) Leasaítear Iarscríbhinn XXII mar a leanas:

'3. CEANGLAIS THEICNIÚLA

Is iad na ceanglais theicniúla a leagtar amach i bhFoscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe na ceanglais theicniúla maidir leis an bhfeiste OBFCM, i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach i míreanna 11.1.4 agus 11.1.5 den Rialachán sin.'.